



Tuarascáil Oifig um Chlárú Cuideachtaí 2009

## CLÁR ÁBHAR

1. RÉAMHRÁ	1
2. IONCHUR	2
3. ASCHUR	3
4. CÁILÍOCHT	6
5. SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ	7
6. DÍLÁRÚ	8
AGUISÍN 1: MIONSTAIDREAMH	10
AGUISÍN 2: AIRGEADAS	33
AGUISÍN 3: CLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ AGUS DAOINE ÚDARAITHE EILE	34

## 1. RÉAMHRÁ

Is é seo a leanas ráiteas misin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO):

*Cinntítear go gcomhdaítear tuairisceáin dhlite ar leibhéal ard, agus cinntítear aga mear slánúcháin ó thaobh na faisnéise a bhaineann leo, leis an dearbhú go gcomhlíonfaidh an fhaisnéis a sholáthraítear don CRO na forálacha ábhartha reachtúla agus go léireoidh faisnéis an CRO gach a soláthráitear dóibh.*

Déanann an CRO an ráiteas sin a roinnt i dtrí chuid a chlúdaíonn na réimsí seo a leanas:

IONCHUR - a chuireann iallach ar chuideachtaí tuairisceáin dhlite a chomhdú, ASCHUR - a chinntíonn go mbíonn fáil réidh ag an bpobal ar na doiciméid sin agus CAIGHDEÁN - trína ndéantar dianiarachta na doiciméid a líonadh i gceart, chomh fada agus is féidir, agus go soláthraíonn an CRO faisnéis chruinn dá réir sin.

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh faoi na trí cheannteideal sin go léir.

Sáraíodh an sprioc ard go gcomhdófaí tuairisceáin bhliantúla na gcuideachtaí in am. Tá tuairisceáin bhliantúla beagnach 86% cuideachtaí cothrom le dátaanois.

Tá ag éirí go maith le hadmháil agus le scanadh doiciméad ar líne agus is annamh a dhéantar cuardach láimheanois. Trí Chlár Gnó na hEorpa, is féidir iniúchadh a dhéanamh ar thaifid cuideachtaí Éireannacha ar láithreáin ghréasáin na gclárlann dá gcuid i bhformhór na hEorpa. Feabhsaítear caighdeán na ndoicimeád comhdaithe go mór trí chomhdú leictreonach. Rinneadh níos mó ná 50% doiciméid a chomhdú go leictreonach in 2009. Rinneadh dul chun cinn suntasach ó thaobh na sonraí a chuirtear i láthair na gcliant de, ar claint iad a iontrálann foirmeacha trí CORE, an timpeallacht chomhdaithe de chuid an láithreáin ghréasáin ar líne. Táthar ag cur pleán i gcrích i gcomhair forbairtí eile don bliain 2010, is é sin go gceadófar Cuntais PDF agus Clárú A1 cuideachtaí a iontráil ar an láithreán gréasáin.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

An 26 Bealtaine 2009, d'fhógair an CRO a Scéim Ghaeilge faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Leagtar amach sa scéim dearcadh an CRO ar úsáid na Gaeilge go ceann trí bliana ón dáta sin ar aghaidh nó go ndéanfaidh an tAire Scéim nua a dheimhniú faoi Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

Mar thoradh ar an Scéim seo, d'aistrigh an CRO a chuid Bileog Eolais go léir in 2009. Déantar nuachtltreacha míosúla dátheangacha a eisiúint chomh maith. In 2010, foilseofar Gasaítear an CRO i mBéarla agus i nGaeilge. Seolfar láithreán gréasáin nua in 2010 ar a mbeidh úsáideoirí ábalta nascleanúint a dhéanamh ar thart ar 180 leathanach i mBéarla nó i nGaeilge.

### Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009

Síníodh Acht na gCuideachtaí (Leasú), 2009 agus tugadh in éifeacht an 12 Iúil 2009 é. Athraíonn alt 10 den Acht an ceanglas nach mór do dhuine amháin de na stiúrthóirí, ar a laghad,

bheith ina chóinéar sa Stát. Chun na críche sin, athraíodh "Stát" go "Ballstát an LEE" (an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch). Cuimsíonn LEE an Eoraip ar fad i dteannta na híoslainne, na hlorua agus Lichtinstéin.

Ciallaíonn sé seo nach mbeidh gá ag cuideachta, a bhfuil cóinéar ar a cuid stiúrthóirí go léir sa Ríocht Aontaithe, mar shampla, le banna ná le teastas chun nasc leanúnach le gníomhaíocht amháin nó le níos mó sa Stát a chruthú.

### Acht na gCuideachtaí (Forálacha Éagsúla) 2009

An 23 Nollaig 2009 siníodh Acht na gCuideachtaí (Forálacha Éagsúla) agus tugadh in éifeacht é. Foráiltear leis an Acht seo, a leasaíonn Acht na gCuideachtaí 1990, go gcláraítear (i measc nithe eile) cuideachtaí um chistí infheistíochta, a bhíonn ag bogadh, mar chomhlachtaí corporaithe do leanúint faoi dhlíthe an Stáit. Nó, mar rogha air sin, go mbaintear den liosta chuitiug dlínse ábhartha lasmuigh den Stát iad, ina bhfuil sé beartaithe ag cuideachtaí clárú.

De réir na reachtaíochta, déanfar rialacháin in 2010 lena bhforordófar dlínsí áirithe mar dhlínsí ábhartha de bhun an Achta.

## IONCHUR

### Forfheidhmiú

Faoi dheireadh na bliana 2009, faoi Alt 371 d'Acht na gCuideachtaí 1963, bhí fógraí tugtha do 457 cuideachta agus do 1072 stiúrthóir. Seoladh páipéir chuig Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun túis a chur le próiseas alt 371 maidir le 32 cuideachta.

Cuireadh 4 chás atrátha i gcrích maidir le hionchúiseamh cuideachtaí agus gearradh fineálacha de €6712 orthu ar an iomlán. Ar aon dul lenár dtiomantas cuideachtaí thar téarma a bhaint den liosta, baineadh 5729 cuideachta ar bhonn ainneonach, 5428 ar bhonn deonach agus 142 cuideachta ar iarratas ó na Coimisinéirí loncam.

Rinneadh 1084 cuideachta a chur ar ais ar an gclár.

In imeacht na bliana, lean an CRO de bheith ag cabhrú le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) trí mhionscríbhinní agus trí theastais tacaíochta a sholáthar, mar chuid dá bheart chun stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha discaoilte a dhícháiliú nó le srian a chur orthu.

Is é an líon cuideachtaí atá cothrom le dáta, ag aon tráth áirithe, atá ina phríomhshlat tomhais agus éifeachtacht na hoibre seo á mheas agus muid ag deimhniú go bhfuil cuideachtaí ag comhlíonadh a gcuid gceanglas reachtíuil comhdaithe. Ba é 86% an figiúr an 31 Nollaig 2009. Ba é toradh inchomparáide na bliana roimhe sin ná 88.5%.

### Ioncam CRO in 2009

Cé gur bhain an CRO a spriocfhigiúr admhála amach sa bhliain ioncaim 2009, de €22.6m, ba laghdú

22% é an figiúr seo ar tháirgeacht na bliana 2008 .i. €29.1m.

Is iad na nithe seo a leanas is cúis leis an laghdú sin go príomha:

- Tá laghdú de thart ar €1.3m ar ioncam táille mar thoradh ar an laghdú 5% a tháinig ar líon iomlán na ndoicimeád a comhdaíodh sa bhliain 2009 agus ar an rath a bhí ar thionscnaimh leanúnacha leictreonacha chomhdaithe de chuid an CRO. I gcás tuairisceáin bhliantúla pháipéir, bíonn na táillí cothrom le dhá oiread na dtáillí i gcás doiciméad a chomhdaítear go leictreonach (€20 i gcomparáid le €40). Is mar an gcéanna é i gcás corprú cuideachta (€50 i gcomparáid le €100) agus clárú ainm gnó (€20 versus €40). Bíonn gach doiciméad eile a chomhdaítear go leictreonach saor in aisce.
- I gcomparáid le 2008, tháinig laghdú de thart ar €4.8m ar na pionóis i gcás comhdú nach ndearnadh in am (LFP).

Ar an mbonn go leanfar de na treochartaí seo in 2010, i mbliana tá laghdú 20% breise (síos go €18m) ar an sprioc i gcomhair Leithreasaí i gCabhair.

## Miondealú ar Ioncam an CRO

Maidir le Leithreasaí i gCabhair de chuid an CRO, is iad na pionóis i gcás comhdú nach ndéantar in am a bhíonn i gceist go mó – miondealafodh na hadhmhálacha go léir, de €22.6m a fuarthas in 2009, faoi na ceannteidil seo a leanas:-

Ioncam CRO	Táirgeacht 2008	Táirgeacht 2009	Meastachán 2010
Pionós i gcás comhdú nach ndéantar in am	€17.6m	€12.8m	€10.0
Táillí Aighneachtaí	€9.6m	€8.2m	€6.4m
Táillí fiosrúcháin agus custaiméirí sonraí builc	€1.6m	€1.5m	€1.5m
Cláraitheoir na gCara-Chumann	€0.1m	€0.1m	€0.1m
Ioncam Ilghnéitheach	€0.2m	€0.1m	€0.1m
<b>Iomlán:</b>	<b>€29.1m</b>	<b>€22.6m</b>	<b>€18m</b>

## ASCHUR

### Forchoimeád Ainm Cuideachta

Tháinig an fhoráil seo in éifeacht an 1 Meán Fómhair 2009 a chuireann ar chumas cuideachta a hainm a fhorchoimeád ar feadh tréimhse 28 lá. Féadfar an tréimhse sin a fhadú de 28 lá sa bhreis.

Ó cuireadh túis leis i mí Mheán Fómhair, fuarthas 260 iarratas. Maidir le seirbhís do chustaiméirí, rinne an CRO a sprioc a chomhlíonadh go seasmhach, is é sin gur próiseáladh iarratais ar ainm cuideachta a fhorchoimeád taobh istigh de 5 lá i ndiaidh dóibh na hiarratais a fháil.

## **Cuideachtaí Nua**

In 2009, bhí obair na dtrí scéim um chorprú cuideachta, mar a leagtar amach thíos, taobh istigh de na spriocanna i leith seirbhíse do chustaiméirí agus de na hamscálaí tiomanta.

Fe Phráinn – 10 lá oibre

CRODisk – 5 lá oibre

Gnáthscéim – 15 lá oibre

Le linn 2009, rinne an CRO cuideachtaí a chorprú i gcóras CRODisk taobh istigh de dhá lá oibre formhór an ama.

Próiseáladh iarratais ar ath-chlárú agus ar Ainmneacha a athrú taobh istigh de 10 lá oibre go seasmhach in 2009.

## **Ainmneacha Gnó**

In 2009, ag amanna difriúla, chonacthas riaráiste maidir le clárú ainmneacha gnó. Tugadh faoi athbhreithniú agus faoi anailís a dhéanamh ar phróiseas cláraithe na n-ainmneacha gnó le feabhas a chur ar éifeachtacht an réimse sin. Anois, déantar iad a phróiseáil taobh istigh de 3 seachtaine i ndiaidh dóibh na haighneachtaí a fháil.

## **Morgáistí**

In 2009, lean an CRO de bheith ag comhlíonadh a chuid spriocanna maidir le scanadh doiciméid morgáiste taobh istigh de seacht lá. Coimeádadh liosta Slavenburg cothrom le dáta le gur féidir an pobal breathnú air. Coimeádadh an clárú sásaimh cothrom le dáta chomh maith. Níor bh fhéidir i gcónaí an sprioc a chomhlíonadh morgáistí a chlárú taobh istigh de 14 lá. Táthar le hiarracht nua a dhéanamh an sprioc seo a chomhlíonadh in 2010.

## **Comhpháirtíochtaí Teoranta agus Cuideachtaí seachtracha**

Chomhlíon an CRO a sprioc maidir le doiciméid Comhpháirtíochtaí Teoranta agus Cuideachtaí Seachtracha, is é sin go ndearnadh iad go léir a phróiseáil agus a scanadh taobh istigh de 7 lá tar éis dóibh iad a fháil. In 2009, rinneadh athbhreithniú ar gach foirm a bhain le Comhpháirtíochtaí Teoranta agus le Cuideachtaí Seachtracha.

## **Leachtú agus Glacadóireacht**

Cé gur tháinig méadú ar líon na n-imeachtaí dócmhainneachta arís in 2009, bhain an CRO a chuid spriocanna próiseála agus scanta amach ó thaobh na ndoiciméad de. Leanadh de thuairiscí a thabhairt don ODCE, ar bhonn seachtainiúil, faoi chuideachtaí a bhí faoi leachtú.

## **I ndiaidh Corprú (lena n-áirítear Oifig an Airgid)**

In 2009, comhlíonadh formhór na spriocanna i leith scanadh agus clárú doiciméad i ndiaidh corprú,

cé is móite den tréimhse chomhdaithe is mó éileamh idir Deireadh Fómhair agus Nollaig. Próiseáladh iarratais ar aisghabháil doiciméad go pras agus rinneadh na doiciméid sin a chur ar ais nó a scanadh arís taobh istigh de na hamlínte riachtanacha. Ó thaobh na tacaíochta de a thugann an rannán don ODCE agus do chomhlachtaí eile Rialtais, trí bhundoiciméid agus trí theastais alt 370 a sholáthar, i dteannta deimhniú doiciméad, rinneadh taobh istigh den amlíne agus ar mhodh riachtanach é. Maidir leis seo, ba chuid thábhachtach é an úsáid bhreisithe a baineadh as r-chomhdú agus as uath-chlárú maidir le hamscálaí a choimeád ag leibhéal inoibrithe.

## Lóisteálacha Poist agus Tuairisceáin Bhliantúla

Ó mhí lúil 2007, tá cuid den CRO lonnaithe ar Bhóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, a bhí in ainm is a bheith mar chéad chéim de dhíláruí iomlán an CRO chuig Ceatharlach. Is é príomhchuspóir na hoifige i gCeatharlach bheith mar oifig um loisteálacha poist, agus mar rannán leis na tuairisceáin bhliantúla a phróiseáil don CRO. Ón mbliaín 2007, aistríodh obair eile chuig Ceatharlach ar nós phróiseáil an B2 (Athrú Seoltaí Cláraithe), an H15 (Aistriú Deonach Ainmneacha) agus phróiseáil na n-iarratas a dhéantar ar Ainmneacha Gnó.

## Tuairisceáin Bhliantúla

Is é príomhchúram Oifig Cheatharlach na Tuairisceáin Bhliantúla a phróiseáil. As an 170,000 tuairisceán bliantúil a fuair an CRO in 2009, fuarthas 77% díobh tríd an bpost i gCeatharlach. Fuarthas an chuid eile díobh go pearsanta san oifig i gCearnóg Pharnell. Faightear thart ar 57% tuairisceáin bhliantúla go leictreonachanois.

Feictear caighdeán arda i gcónaí i bpróiseáil na dtuairisceán bliantúil agus tá dul chun cinn suntasach déanta ón mbliaín 2007 maidir le caighdeán, le comhsheasmhacht agus le críochnúlacht na hoibre seiceála agus na gcainníochtaí, is é sin go ndéantar méideanna níos mó a phróiseáil taobh istigh d'aga slánúcháin pras.

## Buaic Shéasúrach

Bíonn ualaí oibre séasúracha ar an CRO, go háirithe i mí Dheireadh Fómhair, i mí na Samhna agus i mí Eanáir. De ghnáth, faightear thart ar 8,000 aighneacht sa tseachtain. Go traidisiúnta, áfach, ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, ar am buaice é, faightear os cionn 18,000 sa tseachtain. Agus an rath atá ar chomhdú leictreonachanois, baineann cuid mhór cuideachtaí leas as an 28 lá sa bhereis le comhdú leictreonach a dhéanamh. Dá bharr sin, is é deireadh mhí na Samhna agus deireadh mhí Dheireadh Fómhair na hamanna buaiceanois.

Leanann an CRO de bheith ag déileáil leis an mbuaic shéasúrach ar mhodh tráthúil. Rinneadh riaráiste mór oibre a sheachaint in 2009 trí dhílúthmhonatóireacht a dhéanamh ar phróisis agus ar amscálaí, go háirithe i mí Dheireadh Fómhair, ar am buaice é. In 2009, chuathas i ngleic leis an méid breise taobh istigh de churiarracht ama agus bhí an phróiseáil cothrom le dáta go luath i mí na Samhna.

Ba mar gheall ar chomhar, ar thiomantas agus ar shaineolas leanúnach fhoireann chléireachais an CRO a baineadh é seo amach go príomha.

## **Tionscadal na gComhad roimhe seo**

In 2006 ghabh an CRO do thionscadal chun na doiciméid go léir a fuarthas roimh 1990 a scanadh do chuideachtaí beo, ar doiciméid iad nár scanadh roimhe sin. Cuireadh an tionscadal i gcrích sa bhliain 2009 agus tá na doiciméid go léir ar fáil ar líneanois le gur féidir leis an bpobal breathnú orthu. Dá bharr sin, cuireadh deireadh leis an ngá le hiarratais ar líne a dhéanamh ar aisghabháil agus ar iniúchadh na “gcomhad crua”.

## **Sonraí Builc**

Baineadh ár sprioc amach earraí sonraí a sheachadadh chuig custaiméirí CRO, a bhí de réir ár gcuid dtiomantas seachadta foilsithe.

## **Áis Cuardaigh an Ghréasáin**

In 2008, rinneadh 95% cuardaigh ar líne. In 2009, tháinig méadú air seo go 96.75%.

## **Iamh-aga Córais**

Ba é tiomantas an CRO freagra mear a thabhairt ar iamh-aga córais nach rabhthas ag súil leis. Níor mhinic a chonacthas iamh-aga córais i rith na bliana.

## **Slándáil IT**

In 2009, cuireadh nuashonrúcháin bhereise slándála i bhfeidhm le slándáil agus le stóinseacht a fheabhsú.

## **Aisghabháil Tubaiste**

Tá athbhreithniú á dhéanamh air seo faoi láthair agus tá iniúchadh á dhéanamh ar phlean a chur i gcrích lenár gcórais a aistriú go suíomh láraithe

## **CAIGHDEÁN**

### **Bunachar Sonraí Rialachán – Uath-chláráú**

Le linn thréimhse dheireanach na bliana 2009, chuir an CRO síneadh lena chuid inneall rialachán leis an B2 agus B10 a chur san áireamh, ar cinn leictreonacha iad. Ina theannta sin, rinneadh tú-sualú na bhfoirmeacha a fheabhsú .i. ní féidir ach oifigigh reatha cuideachta a roghnú le foirm a shíniú. Ag deireadh 2009, bhí 59% foirmeacha leictreonacha B10 agus 60% foirmeacha leictreonacha B2 á gclárú go huathoibríoch.

Ina theannta sin, chuir an CRO áis i bhfeidhm a iontrálann sonraí leictreonacha na nlarratas ar Ainmneacha Gnó go huathoibríoch. Cuimsíonn iad sin níos mó ná 70% iarratais a fuarthas. Dá bharr sin, táthar ag tnúth go laghdófar go mór agaí feithimh i gcomhair clárú in 2010.

## R-Chomhdú

In 2009, cuireadh lón saoráidí nua le CORE (Timpeallacht Chláraithe do Chuideachtaí ar Líne) lena n-áirítear áis r-mheabhrúcháin a chuireann ar chumas láithreoirí agus ar chumas cuideachtaí fograí neamhreachtúla a fháil trí ríomhphost seachas tríd an bpost. Ina theannta sin, cuireadh bogearraí bailóchaithe seoltaí le CORE le caighdeán agus le huath-chlárú foirmeacha leictreonacha a fheabhsú. Cuireadh Sínithe loncaim Ar Líne (ROS) i bhfeidhm freisin a chuireann ar chumas cliant a dteastas reatha ROS a úsáid chun an B1 a shíniú go leictreonach. In 2009, tháinig méadú 18% ar an lón ionlán foirmeacha a comhdaíodh go leictreonach i gcomparáid le 2008.

Leanann an Rannán um Chomhdú Leictreonach den CRO de bheith ag cur tionscnamh i bhfeidhm a thacaíonn le cuideachtaí agus a spreagann iad siúd ar mhaith leo a gcuid tuairisceán bliantúil a chomhdú go leictreonach.

Is iad na príomhthionscnaimh a bhfuiltear ag gabháil dóibh faoi láthair ná tabhairt isteach sínithe ROS, clár píolótach a bhaineann le XBRL (eXtensible Business Report Language) (.i. tuairisceáin i bhformáid leictreonach), feabhsuite leanúnacha atá á gcur ar CORE, feabhsuite atá á gcur ar uath-chlárú agus ar mheabhrúcháin leictreonacha, adhmhálacha agus litreacha a sheoltar ar ais. Faoi mhí na Nollag 2009, bhí céatadán na dtuairisceán bliantúil a comhdaíodh go leictreonach méadaithe go 57.3%.

## SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

### CORE (Timpeallacht Chláraithe do Chuideachtaí ar Líne)

Cuireann CORE ar chumas láithreoirí teacht ar fhasnéis atá cothrom le dáta faoi na cuideachtaí a mbíonn siad mar ghníomhairí comhdaithe dóibh i dtimpeallacht bhainistithe. Ina theannta sin, cuireann sé ar chumas custaiméirí teacht ar ráitis agus ar idirbhearta a gcuid cuntas. Tá éileamh seasmhach air seo i gcónaí agus bíonn thart ar 11,000 duine aonair ag féachaint air gach mí.

### An tAonad Faisnéise

Soláthraíonn an tAonad Faisnéise seirbhís duine le duine do chustaiméirí a théann i dteaghmháil leis an Oifig ar an teileafón, trí facs, tríd an bpost nó trí ríomhphost. Is é an buntáiste a bhaintear as seo go réitítear ceisteanna i ndiaidh an chéad ghlaeo a chuirtear ar an oifig. Dá bharr sin, ní bhíonn gá le glaonna a aistriú agus maolaítear frustrachas an chustaiméara. Dá bharr sin, feidhmíonn sé mar sheirbhís duine le duine do lón foirne na hoifige, a chuireann ar a gcumas a gcuid tasc áirithe a chomhlíonadh gan bheith ag cur isteach orthu. Dá bharr sin, ní thógann sé chomh fada sin orthu doiciméid chomdaithe a phróiseáil.

Bhí an tAonad Faisnéise ar oscailt idir 10.00 agus 16.00 go laethúil in 2009. Freagraítear ceisteanna ríomhphoist roimh agus i ndiaidh na n-uaireanta seo.

D'fhreagair an CRO níos mó ná 100,000 glao teileafóin le linn 2009, is é sin beagnach 1,950 glao teileafóin gach seachtain ar an meán.

In 2009, sholáthair córas ríomhphoist rogha eile teaghmála do chustaiméirí agus tá an córas seo ar fáil go fóill info@cro.ie. Rinneadh níos mó ná 12,000 ríomhphost a fhreagairt in 2009. Freagraíodh beagnach 98% díobh sin tréimhsé níos luaithe ná 8 n-uaire tar éis dóibh iad a fháil.

In 2009, lean lucht fiosrúcháin agus Chuntar Tosaigh an Aonaid de bheith ag déileáil leo siúd a chuir glao chuig an CRO idir 9.30 agus 16.30. Ina theannta sin, bainistíonn an tAonad na hiarratais ar chóipeanna d'aighneachtaí a chomhdaigh cuideachtaí, mar aon le heisiúnt na ndeimhnithe dúplacha agus na litreach stádais.

Déanann an tAonad rannpháirtíocht an CRO a eagrú ag taispeántais, ag seimineáir agus ag laethanta oscailte. Le linn 2009, rinne an tAonad ionadaíocht thar ceann an CRO ag líon imeachtaí, lena n-áirítear Lá Fiontraíochta Phine Gall (Fingal Day of Enterprise), South Eastern Enterprise Platfrom Programme, Shannon, Mid West Regional Enterprise Expo.

## Foilseacháin

Seoltar fógraí rialta ríomhphoist (ar a dtugtar “e-zines”) chuig custaiméirí atá cláraithe leis an Oifig. Is feasachán leictreonach é seo a chuireann síntiúsóirí ar an eolas faoi fhorbairtí reatha na hOifige agus faoiimeachtaí a bheidh ag tarlú sa todhchaí.

Seoladh feachtas fógraíochta sa bhliain 2009 le custaiméirí a spreagadh le comhdú a dhéanamh go leictreonach.

Uasghrádaíodh Córas Bainistíochta Ábhar agus Láithreán Gréasáin an CRO in 2009. Úsáidfear in ionad an tseanláithreáin ghréasáin go luath sa bhliain 2010 é. Beidh rochtain níos fearr ar an láithreán gréasáin uasghrádaithe seo agus beifear ábalta é a úsáid ar shlí níos fearr. Ina theannta sin, beidh cuma níos fearr air freisin. Maidir leis an taobh idirghníomhach de, uasghrádófar an t-inneall guardaigh amach anseo.

## DÍLÁRÚ

### Príomhdhílarú chuig Ceatharlach

I mí na Samhna 2008, deonadh an Bord Pleanála céad pleanála orthu don phríomhfhoirgneamh díláraithe i gCeatharlach. In 2009, áfach, fógraíodh sa Cháináisnéis go rabhthas chun an príomhdhílarú chuig Ceatharlach a chur siar go ndéanfaí athbhreithniú arís air in 2011.

# AGUISÍN 1

## MIONSTAIDREAMH

Comhdhéanamh an Chláir agus Gníomhaíocht ar an gClár

Comhdhéanamh an Chláir ag Deireadh 2009

	2008	%	2009	%
Príobháideach Teoranta	159,896	86.74	160,266	86.58
Poiblí Teoranta	1,728	0.94	1,708	0.92
Neamhtheoranta	3,638	1.97	3,737	2.02
Ráth	15,285	8.29	15,562	8.41
Seachtrach	3,766	2.04	3,791	2.05
EEIG	20	-	20	-
Iomlán	184,306		185,044	

Nóta: níl cuideachtaí atá á leachtú san áireamh sa tábla seo.

Gníomhaíocht ar Chláir na gCuideachtaí in 2009

	2008	2009	% +/-
Lín iomlán na gCuideachtaí Nua Cláraithe as seo bhí	14,723	13,321	-9.39
Príobháideach Teoranta	13,468	12,396	-7.96
Poiblí Teoranta	117	133	+13.68
Neamhtheoranta	133	136	+2.26
Ráth	1,005	656	-34.73
Athshlánaithe			
Ag cuideachtaí laistigh de bhliain ó bheith bainte den chláir	685	787	+14.89
Ag an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda	149	188	+26.17
Cuideachtaí a Díscaoileadh	11,650	12,513	
Athrú Glan	+3,907	+1,783	

Lín iomlán na gcuideachtaí nua ionchorpraithe in 2009: 13,321

Lín iomlán na gcuideachtaí a díscaoileadh le linn 2009: 12,513

Lín íomlán na gcuideachtaí a athshlánaíodh chuig an gclár in 2009: 975

Lín na gcuideachtaí aon bhall ar an gclár: 40,330

## Cuideachtaí a Athshlánaíodh chuig an gClár

Déanann alt 311(8) agus alt 311A d'Acht na gCuideachtaí, 1963, agus alt 12B.(3) agus alt 12C d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982 foráil d'athshlánú cuideachta díscaolte chuig Clár na gcuideachtaí. Féadann cuideachta a bheith athshlánaithe chuig an gClár trí iarratas a dhéanamh go dtí :

- An Ardchúirt sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscaolte
- An Chúirt Chuarda sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscaolte, sa chás gur creidiúnaí an t-iarratasóir
- Cláraitheoir na gCuideachtaí sula mbeidh dhá mhí dhéag téaltaithe ón dáta díscaolte, sa chás go ndéanann an chuideachta an t-iarratas, nó go ndéantar ar a son é.

Bliain	Cuideachtaí a Athshlánaíodh chuig an gClár	Cuideachtaí ar an gClár	%
2003	296	148,303	0.2
2004	729	157,502	0.5
2005	673	160,707	0.4
2006	954	170,719	0.6
2007	805	180,891	0.4
2008	834	184,306	0.5
2009	975	185,052	0.5

## Clár Seachtrach

Cuideachtaí ar an gclár seachtrach an 31 Nollaig 2008:

	2008	2009
Brainsí (AE)	1,345	1,400
Brainsí (Neamh-AE)	329	339
Áit Ghnó	2,088	2,048
Iomlán ar an gclár seachtrach	3,762	3,787

## Athruithe ar ainm cuideachta

Le linn 2009, ceadaíodh 1,926 athrú ar ainmneacha cuideachtaí. Áirítear ar an bhfigiúr sin cuideachtaí a éilíodh orthu a n-ainmneacha a athrú faoi Alt 23(2) d'Acht na gCuideachtaí 1963. In 2008, bhí 2,069 athrú ar ainmneacha cuideachtaí agus bhí 2,310 in 2007.

## Cead “Teoranta” a fhágáil amach as ainm

In 2009, tugadh cead do na cumainn/cuideachtaí seo a leanas “Teoranta” a fhágáil amach as a n-ainmneacha:

AN SMAINEAMH MÓR  
ANIMAL HEALTH IRELAND INITIATIVE  
ANIOMA UNION, IRELAND  
ASSOCIATION OF OGUN STATE INDIGENES IN IRELAND  
BELONG TO YOUTH SERVICES  
BLUE TEAPOT THEATRE COMPANY  
CATHOLIC GRANDPARENTS ASSOCIATION  
CHAMPLAIN COLLEGE DUBLIN  
CHARISMATIC RENEWAL SERVICES  
CIÚNAS CENTRE FOR COMPLEMENTARY CARE  
COIMIRCE  
COMMUNITY OF NAZARETH  
DEPAUL IRELAND  
DODDER VALLEY PARTNERSHIP  
DUBLIN CITY CENTRE CITIZENS INFORMATION SERVICE  
DUBLIN NORTH WEST CITIZENS INFORMATION SERVICE  
EMCC COACHING IRELAND  
EUCORNEA-EUROPEAN SOCIETY OF CORNEA AND OCULAR SURFACE DISEASE SPECIALISTS  
EUROPEAN BUDDHIST-HANMI ASSOCIATION  
FRIENDS OF THE INSTITUTE OF CHRIST THE KING SOVERIGN PRIEST  
GLOBAL HOUSING FOUNDATION  
GORMANSTON COLLEGE SCHOOL TRUST  
HAEMATOLOGY ASSOCIATION OF IRELAND  
HOLY CHILD KILLINEY SCHOOL TRUST  
IRELAND FOR EUROPE AND THE TREATY  
IRISH VACCINE INJURY SUPPORT  
K.W.C.D.T. PARTNERSHIP  
KNOCKINGALL ORGANISATION COMMUNITY CENTRE  
LOVE IRISH FOOD  
MARY OF THE ROSES  
OPTOMETRY GIVING SIGHT  
PAMODZI  
PRESENTATION BROTHERS SCHOOLS TRUST  
RUSSIAN IRISH CULTURAL FOUNDATION  
SAOIRSE CHURCH DUBLIN  
SO EUROPE EURASIA FOUNDATION  
SOUTH DUBLIN ARTS CENTRE COMPANY  
SPIRITUALIST UNION OF IRELAND  
ST PATRICK'S COLLEGE FOUNDATION  
ST STEPHEN'S GREEN TRUST  
ST. CLARE'S PRE-SCHOOL

## Cead “Teoranta” a fhágáil amach as ainm

SUAIMHNEAS CHAOIMHIN  
TERESIAN ASSOCIATION IRELAND  
THE DUBLIN NEUROLOGICAL INSTITUTE  
THE FREEING GROWTH FOUNDATION  
THE KYLEMORE TRUST  
THE LIBERMANN TRUST  
THE LORD'S TAVERNERS IRELAND  
THE MAKE BELIEVERS  
THE NEUROSCIENCE NURSES ASSOCIATION OF IRELAND  
THE NEW EVANGELISATION TRUST  
THE TONY RYAN TRUST  
VOICE OF TRUTH ASSEMBLY  
WEST CLARE MINI MARATHON CANCER FUND  
WORD INTERNATIONAL MINISTRIES, IRELAND  
WORLD OUTREACH CHRISTIAN CENTRE

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMIÚCHÁIN IN 2009

### An próiséas um Baint den Liosta

Cuideachtaí a díscaoileadh (bainte den liosta mar níor chomhadaigh siad tuairisceáin)	5,729
Cuideachtaí a díscaoileadh faoi Alt 882 de na hAchtanna Comhdhlúite Airgeadais (Bainte den liosta ag na Coimisinéirí loncaim)	142
Cuideachtaí a díscaoileadh (bainte den liosta go toilteanach)	5,428

### Ionchúisimh Chuideachtaí

Lón na gCuideachtaí a ionchúisíodh	4
Lón na gCuideachtaí a cointaíodh	4
Méid iomlán ma bhfíneálacha a gearradh	€6,712
Meánhíneáil a gearradh	€1,678

## SÓCMHAINNEACHT

### Fógraí glacadóireachta a fuarthas

	2007	2008	2009
Iarratas chuig an gcúirt ar cheapadh scrúdaitheora :	22	58	113
Ordú cúirte ag ceapadh scrúdaitheora :	19	49	84
Ordú cúirte ag deimhniú scéim na socruithe :	10	30	62
Ordú cúirte ag leasú scéim na socruithe :	5	30	31
Ordú cúirte ag cur deireadh le cosaint na cúirte :	1	3	6
Scrúdaitheoireachtaí i bhfeidhm ag deireadh na bliana :	9	6	25

### Scrúdaitheoireacht:

Chuaigh 84 cuideachta is a naoi faoi scrúdaitheoireacht in 2009 faoi dheireadh na bliana, d'fhill 44 díobh ar ghnáth-stádas, chuaigh seacht faoi leachtú cúirte, chuaigh ocht cinn faoi ghlacadóireacht agus bhí fiche cuig chuideachta faoi scrúdaitheoireacht ag deireadh 2009.

### Glacadóireachtaí

	2008	2009
Líon na gcuideachtaí faoi ghlacadóireacht faoi dheireadh na bliana	259	427
Líon na gcuideachtaí a chuaigh faoi ghlacadóireacht i rith na bliana	59	205

## Leachtúcháin de réir Cineáil Fógartha don CRO

	2008	2009
Baill go Toilteanach	1,051	1,158
Creidiúnaithe go Toilteanach	530	1,124
Leachtúcháin Chúirte	83	121
Iomlán	1,664	2,403

## Cuideachtaí á leachtú

Bláin	Líon á leachtú
2000	5,206
2001	4,506
2002	4,100
2003	3,989
2004	3,929
2005	3,746
2006	4,026
2007	4,294
2008	4,568
2009	5,661

## Fógraí a léiríonn nár coinníodh leabhair chearta

De réir fhorálacha Alt 194 d'Acht na gCuideachtaí 1990, fuair an Cláraitheoir fógraí maidir leis na cuideachtaí seo a leanas i rith na bliana 2009:

Ainm na Cuideachta	Uimhir na Cuideachta
BERTRAM COURT MANAGEMENT LIMITED	201432
CASTLE KNIGHT PROPERTIES LIMITED	253783
DAVALOS ENTERPRISES LIMITED	263454
DHAKA RESTAURANT LIMITED	362029
EUROBESTHOSTING LIMITED	396185
FOREVER YOUNG PRODUCTS LIMITED	373595
GERARD CAREW LIMITED	394443
H.B.A. LIMITED	247260
INTERNATIONAL JUDO FEDERATION	287573
IRISH DRESDEN LIMITED	58495
JOHN CONNEELY SPIDDAL LIMITED	293992
KINCI KATERING LIMITED	336284
M. GRAY DEVELOPMENTS LIMITED	363325
MANDARIN HEALTHCARE (IRELAND) LIMITED	430396
MICHAEL MC LOUGHLIN (PHARMACY) LIMITED	110906
MORAN REFUSE SERVICES LIMITED	210035
PARENTS FOR JUSTICE LIMITED	365708
PARKDEEN LIMITED	288589
PASSAGE UNITED SPORTS AND SOCIAL CLUB LIMITED	101948
POWERSCOURT CLOSE PROPERTIES LIMITED	279337
SERONA LIMITED	384804
STYLE TILE & BATHROOMS LIMITED	356600
SUNDRIVE PHARMACY LIMITED	74461
SWORD RISK SERVICES LIMITED	357107
TARA RETAIL (IRELAND) LIMITED	392701
THE WEST CORK HOLISTIC EDUCATION PROJECT LIMITED	397431
TRANOS LIMITED	390980
TROJAN MEDICAL LIMITED	393362
WASHINGTON PROPERTY INVESTMENTS LIMITED	354580

## CLÁRÚ RÉAMHEOLAIRÍ

### Réamheolairí

Achtaíodh an Bille um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Éagsúla 2005 agus IR 324/2005 a thug éifeacht do Threoir Réamheolaire 2003/71/EC i Meitheamh 2005.

Beidh gá le réamhchead a fháil ón IFSRA le haghaidh na réamheolairí uile le luach níos mó ná €2,500,000.

Ní fhéadfach ach na cinn a bhaineann le cuideachtaí cláraithe in Éirinn a chur faoi bhráid na CRO le haghaidh cláraithe.

Ba chóir **réamheolairí áitiúla**, a shainmhíntear mar sin iad toisc go mbaineann luach níos lú ná €2,500,000 leo, a chur faoi bhráid na CRO le haghaidh cláraithe má tá siad cláraithe in Éirinn nó thar leár.

Cruthaíodh foirmeacha nua B18 & B18A ar bhealach a éascaíonn an clárú.

Réamhleolairí Intíre le Luach níos mó ná €2,500,000

Sheol 174 cuideachta atá cláraithe sa stát réamheolairí isteach le linn na bliana. Chláraigh na cuideachtaí seo a leanas réamheolairí:

ABSALON CREDIT FUND PUBLIC LIMITED COMPANY  
ACROPOLIS SECURITIES LIMITED  
AIB MORTGAGE BANK  
